


# Reifreann i gceann cúpla mí

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcinneadh a rinne an Rialtas reifreann a reáchtáil i mí na Bealtaine.



Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *abortion matters*
- *campaigning*
- *the Eight Amendment*
- *convene a referendum*
- *gestation period*
- *with disabilities*
- *incapacity, disability*
- *fatal foetal abnormality*
- *general framework*
- *the Attorney General*
- *repeal the Eight Amendment*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2

Cad is brí le *repeal simpliciter* agus *repeal and enable*, i gcomhthéacs an reifrinn a phléitear sa tuairisc?

Ceist 3

Cúrsaí Canúna

1. Cén chanúint atá ag Eimear Ní Chonaola agus cén chanúint atá ag Peadar Mac Gaoithín?
2. Éist leis an mír arís agus tabhair aird ar an tuiseal tabharthach uatha nuair a bheidh Eimear agus Peadar ag caint. Breac síos na samplaí a thagann chun cinn ina gcuid cainte chun cuid de na difríochtaí idir an dá chanúint sin a léiriú.

Ceist 4

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén dá ghrúpa atá ag dul i mbun feachtais?

2. Cén cheist a ardófar sa reifreann a reáchtálfar i mbliana?
3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

- Clare Lanigan
- Niamh Uí Bhriain
- Simon Harris
- Séamus Woulfe

### Ceist 5

Féach ar na hiolraí thíos a bhí le cloisteáil sa mhír. An lagiolraí nó tréaniolraí iad? Mura bhfuil tú cinnte, féach san fhoclóir.

- grúpaí
- cearta
- teaghlaigh
- páistí
- guthanna
- daoine
- moltaí
- cásanna

Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an fhoirm cheart d'íolra na n-ainmfhocal sna bearnaí. Cuir in iúl, chomh maith, cé acu lagiolra nó tréaniolra atá i gceist.

1. Tá líon na \_\_\_\_\_ (bialann) ar an tsráid sin dochreidte.
2. Níl clár ama na \_\_\_\_\_ (traein) ar fáil ar líne.
3. Dá bhfeicfeá an dath a bhí ar éadaí na \_\_\_\_\_ (bean).
4. Chaith an Taoiseach dhá uair an chloig ag plé na \_\_\_\_\_ (ceist) sa Dáil.
5. Caithfidimid dul i ngleic le huaigneas na \_\_\_\_\_ (fear) faoin tuath.
6. Cuireann fad na \_\_\_\_\_ (scrúdú) eagla orm.
7. Tá Pól ag bailiú na \_\_\_\_\_ (bileog) faoi láthair.
8. Is breá liom réimse na \_\_\_\_\_ (bláth) atá le feiceáil sa ghairdín.

### Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana féin?
2. Cén fáth ar mhaith leis an Rialtas an reifreann seo a ghairm, dar leat?
3. Cén fáth ar mhian leis an Rialtas an reifreann a reáchtáil i mí na Bealtaine, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

*abortion matters* – cúrsaí ginmhillte  
*campaigning* – i mbun stocaireachta  
*the Eight Amendment* – an tOchtú Leasú  
*convene a referendum* – reifreann a ghairm  
*gestation period* – tréimhse iompair  
*with disabilities* – faoi mhíchumas  
*incapacity, disability* – éagumas  
*fatal foetal abnormality* – mínormáltacht mharfach féatais  
*general framework* – creat ginearálta  
*the Attorney General* – an tArd-Aighne  
*repeal the Eight Amendment* – an tOchtú Leasú a aisghairm

### Ceist 2

- *repeal simpliciter*: an tOchtú Leasú a aisghairm, gan aon ní a chur leis an Leasú ná a bhaint den Leasú.
- *repeal and enable*: an tOchtú Leasú a aisghairm, ach clásal a chur ina áit a cheadófaí don Rialtas an fhoclaíocht sa Bhunreacht a athrú maidir le reachtaíocht faoin nginmhilleadh.

### Ceist 3

1. Tá canúint Chonnacht ag Eimear Ní Chonaola agus tá canúint Uladh ag Peadar Mac Gaoithín.
2. Seo thíos samplaí den tuiséal tabharthach uatha a bhí ag Peadar Mac Gaoithín sa mhír.
  - as an **B**hunreacht
  - faoin **h**oclaíocht
  - leis an **g**hrúpa
  - faoin **g**hinmhilleadh(Séimhiú seachas urú atá aige sna samplaí thuas – tréith a bhaineann le canúint Uladh.)

Seo thíos na samplaí den tuiséal tabharthach uatha a bhí ag Eimear Ní Chonaola sa mhír.

- ar an **m**Bunreacht
- sa **m**broinn

(Cuirtear urú ar an ainmfhocal tar éis **sa** i gcanúint Chonnacht, mar shampla: ‘sa **m**broinn’. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **sa** i gcanúint Uladh, mar shampla: ‘sa **B**hunreacht’.)

### Ceist 4

Féach an script.

### Ceist 5

grúpaí – tréaniolra  
cearta – lagiolra  
teaghlaigh – lagiolra  
páistí – tréaniolra  
guthanna – tréaniolra  
daoine – tréaniolra

moltaí – tréaniolra  
cásanna – tréaniolra

1. Tá líon na **mbialann** ar an tsráid sin dochreidte. (*lagiolra*)
2. Níl clár ama na **dtraenacha** ar fáil ar líne. (*tréaniolra*)
3. Dá bhfeicfeá an dath a bhí ar éadaí na **mban**. (*lagiolra*)
4. Chaith an Taoiseach dhá uair an chloig ag plé na **gceisteanna** sa Dáil. (*tréaniolra*)
5. Caithfimid dul i ngleic le huaigneas na **bhfear** faoin tuath. (*lagiolra*)
6. Cuireann fad na **scrúduithe** eagla orm. (*tréaniolra*)
7. Tá Pól ag bailiú na **mbileog** faoi láthair. (*lagiolra*)
8. Is breá liom réimse na **mbláthanna** atá le feiceáil sa ghairdín. (*tréaniolra*)

### **Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Tá grúpaí atá ar son a rogha i gcúrsaí ginmhille agus grúpaí atá ar son na beatha ag ullmhú le dul i mbun stocaireachta ó d'aontaigh an Rialtas aréir go ndéanfar reifreann maidir leis an Ochtú Leasú ar an mBunreacht a ghairm. Faoin Ochtú Leasú, tá na cearta céanna ag an leanbh sa mbroinn<sup>1</sup> agus atá ag a mháthair atá á iompar.

### Peadar Mac Gaoithín

I ndiaidh an chruinnithe rialtais aréir, dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar, go bhfuil sé ag iarraidh go gcuirfí ginmhilleadh ar fáil sa tír seo ar bhonn sábháilte agus dleathach, agus gur go hannamh a dhéanfaí é. Cuirfear rogha os comhair an phobail vóta a chaitheamh ar son nó in éadan an tOchtú Leasú a bhaint amach as an Bhunreacht<sup>2</sup>, agus foclaíocht úr a chur ina áit. Faoin fhoclaíocht<sup>2</sup> seo, chuirfeadh an tOireachtas reachtaíocht i bhfeidhm le ginmhilleadh a cheadú sa tír seo suas go tréimhse iompair dhá sheachtain déag.

### Clare Lanigan, Feachtas um Chearta Ginmhille

Táimid lánsásta leis. B'fhéarr linn go mbeadh *repeal simpliciter* in iúl ach táimid sásta go leor le *repeal and enable*. Is dócha gurb é sin an modh is éifeachtaí<sup>3</sup> chun cúram ginmhille a chur ar fáil in Éirinn go luath.

### Peadar Mac Gaoithín

Sheol an feachtas leis an Ochtú Leasú a choinneáil, i gcomhar leis an ghrúpa<sup>4</sup> *Disability Voices for Life* a labhraíonn thar ceann teaghlaigh a bhfuil duine faoi mhíchumas iontu, cláracha<sup>5</sup> fógraíochta inniu a bheidh le feiceáil ar fud na tíre.

### Niamh Uí Bhriain, Coinnigh an tOchtú Leasú

Tá nócha faoin gcéad de pháistí le siondróm Down ... maraítear roimh bhreith i Sasana iad. Tá sé mar an gcéanna thart timpeall na hEorpa agus tá sé an-, an-tábhachtach nach rachaidh an díospóireacht seo ar aghaidh gan na guthanna seo, gan na daoine clainne seo, na tuistí<sup>6</sup> seo, na daoine seo le héagumas atá ag rá, 'Tá an ginmhilleadh uafásach dár gcomhluadar.'

### Peadar Mac Gaoithín

Dúirt an tAire Sláinte, Simon Harris, go ndéanfaidh sé reachtaíocht maidir le moltaí an Choiste Oireachtas ar an Ochtú Leasú a dhréachtú, a cheadóidh ginmhilleadh i gcás mínormáltacht mharfach féatais agus i gcásanna a bhaineann le sláinte na máthar, ach ní i gcásanna míchumais. Foilseofar creat ginearálta na reachtaíochta sin faoi dheireadh mhí an Mhárta nó tús mhí Aibreáin, a dúirt sé.

Ina chomhairle don Rialtas a foilsíodh tráthnóna, dúirt an tArd-Aighne, Séamus Woulfe, gurbh fhéarr, ó thaobh an dlí de, foclaíocht a chur sa Bhunreacht a thabharfadh le fios go dtiocfadh leis an Oireachtas<sup>7</sup> reachtaíocht faoin ghinmhilleadh<sup>8</sup> a thabhairt isteach. B'fhéarr seo ná an tOchtú Leasú a aisghairm gan aon choinníoll, a dúirt sé.

Meastar, gur ag deireadh mhí na Bealtaine a bheidh an reifreann ar siúl, má ritear an bille leis an reifreann a ghairm trí Thithe an Oireachtas.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

---

<sup>1</sup> Córas Chonnacht

<sup>2</sup> Córas Uladh

<sup>3</sup> éifeachtach a dúradh

<sup>4</sup> Córas Uladh

<sup>5</sup> cláir an leagan caighdeánach

<sup>6</sup> tuismitheoirí an leagan caighdeánach

<sup>7</sup> leis an tOireachtas a dúradh

<sup>8</sup> Córas Uladh